AN GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN EORPACH UM OIDEACHAS AGUS CULTÚR (EACEA)

**GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE**

**EACEA/2022/02/TA2f/AD6/Bainisteoir cláir speisialaithe – Riarthóir**

**Nós imeachta roghnúcháin seachtrach chun liosta ionadaithe a thiomsú de 30 bainisteoir cláir (saineolaithe i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige, an spóirt, na meán, an chultúir, na dlúthpháirtíochta, na saoránachta agus na luachanna).**

**Gníomhaire Sealadach 2f AD6**
Áit: An Bhruiséil
Poist ar fáil ó: Tá na chéad phoist ar fáil láithreach bonn agus beidh na poist eile ar fáil de réir a chéile sna blianta amach romhainn.

**Spriocdháta chun iarratas a dhéanamh: 13/06/2022 ag 12.00 (meán lae), Am Lár na hEorpa**

Is Gníomhaireacht Feidhmiúcháin ilchláir í an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA) atá lonnaithe sa Bhruiséil.

I gcomhar le sé Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh, tá sé de phribhléid ag EACEA bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme ceithre cinn de chláir maoiniúcháin shuaitheanta an Aontais Eorpaigh: Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta, an clár Saoránach, Comhionannais, Cearta agus Luachanna agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

Ó 2006 i leith, tá EACEA ag tacú le forbairt tionscadal oideachais, oiliúna, óige, spóirt, meán, cultúir, dlúthpháirtíochta, saoránachta agus luachanna. Thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh, oibríonn EACEA chun nuálaíocht a chothú sna réimsí sin, agus tugtar aird ar chomhar trasteorann agus léirítear cóimheas i gcónaí.

Mar eagraíocht nua-aimseartha, ghairmiúil, déanann EACEA a dhícheall feidhmiú ar bhealach cothrom agus trédhearcach, aird a thabhairt ar chaighdeáin a bhaineann le rochtain chomhionann agus cóir chomhionann, agus tacú leis na tionscadail a thugann an léargas is fearr ar an Eoraip.

Is ionann a bheith ag obair in EACEA agus a bheith ag obair ag croílár bhainistiú tionscadal na hEorpa. Le breis is 500 comhalta foirne agus 20 náisiúntacht AE, is ionad oibre dinimiciúil, oscailte agus idirnáisiúnta é EACEA, atá ábalta freastal ar shaoránaigh na hEorpa agus saoránaigh na todhchaí a chumhachtú.

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait faoin nGníomhaireacht, féach ar ár suíomh gréasáin:
https://www.eacea.ec.europa.eu

Is é is cuspóir don nós imeachta roghnúcháin seachtrach seo ná liosta ionadaithe a thiomsú, ina mbeidh 30 iarrthóir rathúil. Beidh an liosta bailí go dtí 31 Nollaig 2025.

## I. *CUR SÍOS AR NA CÚRAIMÍ*

Tugann bainisteoirí cláir EACEA faoi dhualgais éagsúla, amhail anailís a dhéanamh agus cúraimí comhairleacha, maoirseachta, comhordaithe agus caibidlíochta a dhéanamh chomh maith le cláir

mhaoinithe an AE a chur chun feidhme arna dtarmligean chuig an nGníomhaireacht, lena n-áirítear bainistíocht tionscadal.

I réimsí gníomhaíochta na Gníomhaireachta (oideachas, oiliúint, an óige, spórt, na meáin, cultúr, dlúthpháirtíocht, saoránacht agus luachanna), féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar na príomhdhualgais atá ar bhainisteoir cláir EACEA, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- cur chun feidhme an chláir, lena n-áirítear comhordú a dhéanamh ar dhréachtú glaonna ar thairiscintí/glaonna ar thograí, maoirseacht a dhéanamh ar phróisis mheastóireachta, roghnúcháin agus chonarthacha agus faireachán ar thionscadail a eagrú;
- meastóireacht, anailís, tuairisciú agus faisnéisiú ar chur chun feidhme an chláir agus scaipeadh na dtorthaí;
- ionadaíocht a dhéanamh don aonad i dteagmhálacha oibríochtúla le seirbhísí eile de chuid na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin, chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh don Ghníomhaireacht i leith institiúidí eile an AE agus geallsealbhóirí seachtracha, go háirithe iarratasóirí féideartha, iarratasóirí agus tairbhithe.

**Féach Iarscríbhinn I chun tuilleadh eolais a fháil faoi na gnáthchúraimí a bheidh le comhlíonadh.**

## II. *CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA*

Ní mór d'iarrthóirí **GACH CEANN** de na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh ar an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh.

### A. Coinníollacha ginearálta

- A bheith ina s(h)aoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach;
- A bheith i dteideal cearta iomlána mar shaoránach;
- Oibleagáidí ar bith arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist[1];
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[2].

### B. Coinníollacha sonracha - teangacha

Ní mór d'iarrthóirí eolas a bheith acu ar dhá theanga oifigiúla AE, ar a laghad: teanga amháin ag leibhéal C1 ar a laghad (eolas críochnúil) agus an teanga eile ag leibhéal B2 ar a laghad (eolas sásúil). Tabhair do d'aire nach mór na híosleibhéil atá luaite thuas a bheith agat i dtaca le gach inniúlacht teanga (labhairt, scríobh, léamh agus éisteacht) atá iarrtha san fhoirm iarratais. Comhfhreagraíonn na hinniúlachtaí seo don Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha
(https://europa.eu/europass/ga/common-european-framework-reference).

Sa nós imeachta roghnúcháin seo déanfaimid tagairt do na teangacha mar:

• Teanga 1: an teanga a thástáiltear i rith an agallaimh.

[1] Sula gceapfar é nó í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil a thugann le fios nach bhfuil taifead coiriúil aige nó aici.
[2] Sula gceapfar iad, ní mór do na hiarrthóirí rathúla dul faoi scrúdú leighis a bheidh á dhéanamh ag seirbhísí leighis an Choimisiúin chun a sheiceáil an gcomhlíonann siad an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 12(d) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

- Teanga 2: an teanga a úsáidtear sna ceisteanna ilrogha ar ríomhaire (trialacha ilrogha – réasúnaíocht bhriathartha, uimhreacha agus theibí), sa triail scríofa, san t-agallamh agus sa chumarsáid idir EACEA agus na hiarrthóirí.

Is féidir aon cheann de 24 theanga oifigiúil AE a roghnú mar theanga 1 ach ní mór go mbeadh teanga 1 agus teanga 2 difriúil. **Ní mór an Béarla nó an Fhraincis a roghnú mar theanga 2**.

Sainmhíníodh na riachtanais teanga an roghnúcháin seo de réir leas na seirbhíse. Teastaíonn earcaigh nua a bhfuil eolas sásúil acu ar an mBéarla nó ar an bhFraincis (leibhéal B2 ar a laghad) chun iad a chur i mbun oibre láithreach agus chun gur féidir leo cumarsáid éifeachtach a dhéanamh ina gcuid oibre laethúla.

Cé go bhféadfadh eolas ar theangacha breise a bheith ina bhuntáiste, úsáidfidh na hiarrthóirí a cheapfar Béarla nó Fraincis dá gcuid oibre. Go hinmheánach oibríonn an Ghníomhaireacht go príomha i mBéarla agus i bhFraincis: bíonn gach cruinniú i gceann (nó sa dá cheann) de na teangacha sin, agus úsáidtear Béarla agus Fraincis i seisiúin eolais, i dtuairisciú, i ndréachtdoiciméid, srl. Úsáidtear an Béarla agus an Fhraincis go forleathan i gcruinnithe agus chun cumarsáid a dhéanamh le seirbhísí an Choimisiúin agus institiúidí eile.

Ina theannta sin, is i mBéarla agus i bhFraincis amháin atá fáil ar na huirlisí éagsúla TF a úsáideann foireann na Gníomhaireachta ar nós ARES, EU Learn, SYSPER, eGrants srl. chomh maith le hoiliúint ghinearálta a chuirtear ar fáil d'earcaigh nua lena gcomhtháthú.

Dá bhrí sin, ní mór Béarla nó Fraincis a bheith ar a dtoil ag na hiarrathóirí, agus ní mór eolas sásúil a bheith acu ar cheann amháin den dá theanga sin.

### C. Coinníollacha sonracha - cáilíochtaí agus taithí ghairmiúil

#### a) Cáilíochtaí

Ní mór d'iarrthóirí leibhéal oideachais a bheith acu arb ionann é agus 3 bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe agus atá fianaithe le dioplóma[3].

#### b) Taithí ghairmiúil

Ní mór d'iarrthóirí taithí ghairmiúil speisialaithe 3 bliana ar a laghad a bheith acu i mbainistíocht clár i réimsí an oideachais, na hoiliúna, na hóige, an spóirt, na meán, an chultúir, na dlúthpháirtíochta, na saoránachta agus na luachanna.

Ní mór an taithí ghairmiúil a fháil i ndiaidh chomhlíonadh na n-íoscheanglas atá sonraithe i Rannóg II C a) 'Cáilíochtaí'.

## III. *NÓS IMEACHTA IARRATAIS*

**Iarrtar ar iarrthóirí iarratas a dhéanamh i mBéarla nó i bhFraincis** chun an próiseas roghnúcháin a éascú.

Ní mór d'iarrthóirí na nithe seo a leanas a chur ar fáil:

[3] Ní ghlacfar ach le teidil staidéir arna mbronnadh i mBallstáit an AE (nó an teastas coibhéise arna eisiúint ag údaráis cháilithe na mBallstát). Ní mór an teastas coibhéise a chur isteach don Ghníomhaireacht faoi dháta bunaithe an liosta ionadaithe.

- curriculum vitae mionsonraithe atá cothrom le dáta, i bhformáid **CV Europass**[4];
- **ráiteas pearsanta**, lena n-áirítear a dtuairimí maidir leis an bpost atá beartaithe (dhá leathanach ar a mhéad);
- Eangach incháilitheachta atá comhlánaithe agus sínithe go cuí (Iarscríbhinn III).

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost amháin chuig:

EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu

**Spriocdháta: ní mór iarratais a sheoladh faoi 13/06/2022 ag 12:00 (meán lae), CET ar a dhéanaí (seiceáil an crios ama le do thoil).**

Moltar go láidir d'iarratasóirí gan fanacht go dtí an nóiméad deireanach toisc go bhféadfadh trácht trom idirlín nó fadhbanna teicniúla eile a bheith ina gcúis le deacrachtaí agus iad ag cur a n-iarratas isteach. Ní bheidh an Ghníomhaireacht freagrach as a leithéid d'fhadhbanna agus tabharfaidh an Ghníomhaireacht neamhaird ar iarratais a chuirtear isteach tar éis an spriocdháta nó nach bhfuil iomlán.

Iarrfar doiciméid tacaíochta ina bhfuil fianaise ar an bhfaisnéis a tugadh san fhoirm iarratais ag céim níos déanaí. Ní sheolfar aon doiciméad ar ais chuig na hiarrthóirí. Más rud é go bhfaightear amach, ag céim ar bith den nós imeachta, gur falsaíodh an fhaisnéis a tugadh in iarratas go feasach, dícháileofar an t-iarrthóir ón bpróiseas roghnúcháin.

## IV. *AN BORD ROGHNÚCHÁIN*

Is é Stiúrthóir EACEA a cheapfaidh Bord Roghnúcháin agus beidh triúr comhaltaí ar a laghad air, lena n-áirítear comhalta arna ainmniú ag Coiste Foirne na Gníomhaireachta.

Tá obair agus plé an Bhoird Roghnúcháin faoi rún. Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an mBord Roghnúcháin, go díreach ná go hindíreach, in aon imthosca, maidir leis an earcaíocht seo. Forchoimeádann an t-údarás atá údaraithe conarthaí fostaíochta a chur i gcrích an ceart chun aon iarrthóir a dhéanann neamhshuim de na treoracha seo a dhícháiliú.

## V. *NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN*

### 1. Trialacha ilrogha (MCQ) ar ríomhaire

Iarrfar ar gach iarrthóir a chuir iarratas isteach faoin spriocdháta sraith trialacha MCQ ar ríomhaire a dhéanamh[5].

Eagrófar na trialacha MCQ ar ríomhaire mar seo a leanas:

| Trialacha | Teanga | Ceisteanna | Fad ama |
|---|---|---|---|
| Réasúnaíocht bhriathartha | Teanga 2 | 15 cheist | 30 nóiméad |
| Réasúnaíocht uimhreacha | Teanga 2 | 10 gceist | 20 nóiméad |
| Réasúnaíocht theibí | Teanga 2 | 10 gceist | 10 nóiméad |

[4] Tá eolas maidir le formáid CV an AE le fáil ag: http://europa.eu/europass

[5] Eagrófar na trialacha sin, agus b'fhéidir an triail scríofa freisin, le tacaíocht ó sholáthraí seirbhíse tríú páirtí.

Tá na trialacha seo díbreach agus ní áirítear iad faoi chomhair na dtrialacha eile. Is é 24/35 an pasmharc foriomlán. Má éiríonn le níos mó ná 200 iarrthóir sna trialacha, rachaidh an 200 iarrthóir[6] a bhfuil na scóir is airde acu go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Má éiríonn le níos lú ná 200 iarrthóir sna trialacha, ní rachaidh ach iad siúd a fuair pas go dtí an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin.

[6] Maidir leis an áit dheireanach atá ar fáil, sa chás go ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna (*ex aequo*), tabharfar cuireadh dóibh ar fad leanúint ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.

2. **Seiceáil incháilitheachta**

Déanfar na coinníollacha incháilitheachta atá leagtha síos i Rannóg II 'Critéir incháilitheachta' a sheiceáil i gcomparáid leis na sonraí a thug na hiarrthóirí ina CV agus in Iarscríbhinn III. Déanfar CVanna na n-iarrthóirí, a réamhroghnófar bunaithe ar thorthaí na gceisteanna ilrogha, a sheiceáil le haghaidh incháilitheachta in ord íslitheach na marcanna a fuarthas sna trialacha MCQ go dtí gurb ionann líon na n-iarrthóirí incháilithe agus an t-uasmhéid 200[7].

Is é an t-údarás a bhfuil sé de chumhacht aige conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích a sheiceálfaidh an gcomhlíonann na hiarrthóirí na coinníollacha incháilitheachta ginearálta faoi phointe II.A agus II.B, agus seiceálfaidh an Bord Roghnúcháin an gcomhlíontar na coinníollacha incháilitheachta sonracha faoi phointe II.C 'Coinníollacha sonracha – cáilíochtaí agus taithí ghairmiúil'.

3. **Roghnúchán bunaithe ar cháilíochtaí (CV)**

Déanfaidh an Bord Roghnúcháin measúnú comparáideach ar na hiarrthóirí incháilithe go léir bunaithe ar a CVanna. **Beidh an measúnú bunaithe ar na critéir roghnúcháin a ndéantar cur síos orthu in Iarscríbhinn II**.

Mar thoradh ar an measúnú sin, déanfaidh an Bord Roghnúcháin liosta iarrthóirí a dhréachtú de réir ord na scóir iomlána a bronnadh. Ní rachaidh ach na hiarrthóirí a bhfuil na scóir iomlána is airde acu agus a bhfuil scór íosta riachtanach bainte amach acu, mar atá leagtha amach ag an mBord Roghnúcháin, ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den nós imeachta.

4. **Triail scríofa**

Tar éis an roghnúcháin bunaithe ar cháilíochtaí, tabharfar cuireadh do 150 iarrthóir ar a mhéad[8] an triail scríofa a dhéanamh.

Sa triail scríofa (cás-staidéar), i mBéarla nó i bhFraincis (teanga 2), déanfar measúnú ar inniúlachtaí seo a leanas na n-iarrthóirí: anailís agus réiteach fadhbanna, cumais dréachtaithe, agus eolas sonrach a bhaineann le tascanna agus réimsí gníomhaíochta na Gníomhaireachta (oideachas, oiliúint, an óige, spórt, na meáin, cultúr, dlúthpháirtíocht, saoránacht agus luachanna).

Marcálfar an triail scríofa de réir lánmharc de 50 agus beidh pasmharc de 30 i gceist.

5. **Agallamh**

Tabharfar cuireadh chun an agallaimh do 75 iarrthóir ar a mhéad[9], a ghnóthaíonn na marcanna is fearr i ndiaidh na trialach scríofa.

Déanfar measúnú san agallamh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí chun na cúraimí a bhfuil cur síos orthu in Iarscríbhinn I den ghlao seo a dhéanamh, ar a n-inspreagadh, a gcumas dea-thorthaí a bhaint amach, a scileanna cumarsáide agus idirphearsanta, a gceannaireacht agus maoirseacht ar an obair.

Is i mBéarla nó i bhFraincis a dhéanfar an t-agallamh (teanga 2). Cuirfear roinnt ceisteanna i dteanga 1. Is féidir go ndéanfar na teangacha eile a shonraigh na hiarrthóirí ina CV a thástáil le linn an agallaimh chomh maith.

---

[7] Féach fonóta 6.

[8] Maidir leis an áit dheireanach atá ar fáil, sa chás go ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna (*ex aequo*), tabharfar cuireadh dóibh ar fad an triail scríofa a dhéanamh.

[9] Maidir leis an áit dheireanach atá ar fáil, sa chás go ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna (*ex aequo*), tabharfar cuireadh dóibh ar fad chun an agallaimh.

Marcálfar an t-agallamh de réir lánmharc de 50 agus beidh pasmharc de 30 i gceist.

NB: féadfar an triail ilrogha, an triail scríofa agus an t-agallamh a eagrú sa Bhruiséil nó go cianda, ag brath ar staid COVID-19. Tabharfar na sonraí teicniúla a bhaineann leis an triail scríofa agus leis an agallamh do na hiarrthóirí ag céim níos déanaí.

## 6. Liosta ionadaithe

I ndiaidh dó doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a sheiceáil, tiomsóidh an Bord Roghnúcháin liosta ionadaithe[10] ar a mbeidh na hiarrthóirí incháilithe a bhfuil na marcanna foriomlána is airde acu i ndiaidh an agallaimh, go dtí go mbainfear amach an líon iarrthóirí atá ag teastáil[11]. In ord aibítre a liostófar na hainmneacha.

Ní hionann iarrthóirí a bheith ainmnithe ar an liosta ionadaithe agus duine a earcú. Beidh earcaíocht bunaithe ar infhaighteacht post agus ar an mbuiséad. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí 31 Nollaig 2025. Féadfaidh EACEA cinneadh a dhéanamh síneadh a chur le bailíocht an liosta.

## VI. *RANNPHÁIRTÍOCHT AGUS COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA*

Fostófar an t-iarrthóir a cheapfar[12] mar Ghníomhaire Sealadach i gcomhréir le hAirteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS) mar riarthóir ag grád AD6. Tugtar an conradh fostaíochta i gcrích ar feadh tréimhse 2 bliana. Féadfar an conradh sin a athnuachan go ceann bliana eile. Is ar feadh tréimhse éiginnte a dhéanfar aon athnuachan ina dhiaidh sin.

Is ionann an buntuarastal míosúil don ghrád AD5 (céim 1) agus EUR 5 669.29. Sa bhreis ar an mbuntuarastal, d'fhéadfadh go mbeadh baill foirne i dteideal liúntais éagsúla a fháil, go háirithe liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16% den bhuntuarastal + liúntas teaghlaigh), liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais. Tá an tuarastal faoi réir cháin an Chomhphobail a asbhaintear ag an bhfoinse agus tá baill foirne díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

Is é an Bhruiséil, an Bheilg, áit a bhfuil suíomh na Gníomhaireachta, an áit fostaíochta.

Tá tuilleadh faisnéise le fáil sna Rialacháin Foirne.

## VII. *FAISNÉIS D'IARRTHÓIRÍ*

Cuirfear admháil fála chuig gach iarrthóir trí ríomhphost chun a dheimhniú go bhfuarthas a n-iarratas.

Cuirfear na hiarrthóirí uile ar an eolas in am trátha faoin bpróiseáil a dhéantar ar a n-iarratas, agus cuirfear in iúl dóibh cé acu a thabharfar cuireadh dóibh freastal ar an nós imeachta roghnúcháin a bhfuil cur síos air thuas nó nach dtabharfar. Seolfar na fógraí sin trí ríomhphost nó trí Ares.

[10] 30 iarrthóir

[11] Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna (*ex aequo*), ainmneofar iad ar fad ar an liosta.

[12] Sula gceapfar iad, ní mór do na hiarrthóirí rathúla dul faoi scrúdú leighis a bheidh á dhéanamh ag seirbhísí leighis an Choimisiúin chun a sheiceáil an gcomhlíonann siad an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 12(d) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.

Féadfaidh iarrthóirí soiléiriú maidir le próiseáil a n-iarratais a iarraidh trí ríomhphost ina luaitear tagairt an roghnúcháin lena mbaineann a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

**EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu**

## VIII. *IARRATAS AR ATHBHREITHNIÚ*

Iarrthóirí a cheapann go ndearnadh botún ina measúnú, féadfaidh siad a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú trí iarratas a sheoladh laistigh de 10 lá oibre ón dáta ar an ríomhphost/nóta a chuir an diúltú in iúl dóibh, agus uimhir an nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann a lua chuig an mBord Roghnúcháin ag an seoladh seo a leanas: EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu.

Déanfaidh an Bord Roghnúcháin an t-iarratas a athmheas agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá oibre tar éis dó an litir a fháil.

**• Gearán a dhéanamh ar bhonn Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (SR)**

Féadfaidh iarrthóirí gearán a dhéanamh ar bhonn Airteagal 90(2) de SR, a bheidh le cur faoi bhráid Stiúrthóir EACEA, Roberto CARLINI, trí ríomhphost a sheoladh chuig:

**EACEA-HR-SELECTION@ec.europa.eu**.

Is é an teorainn ama a leagtar amach do nós imeachta den chineál seo 3 mhí ón dáta a dtugtar fógra faoin gcaingean a dhéanann dochar don ghearánach.

**• Achomharc breithiúnach**

Féadfaidh iarrthóirí achomharc breithiúnach a chur isteach ar bhonn Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne. Chun sonraí a fháil maidir le conas achomharc breithiúnach a chur isteach agus maidir le conas na spriocdhátaí a chinneadh, féach ar shuíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta (https://curia.europa.eu).

**• Gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach**

Féadfaidh iarrthóirí, amhail saoránaigh uile an Aontais, gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach. Sula gcuirfidh tú gearán faoi bhráid an Ombudsman, ní mór duit teagmháil riaracháin iomchuí a dhéanamh ar dtús leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann (féach thuas). Ní chuirfear síneadh leis na spriocdhátaí chun gearáin riaracháin nó achomhairc bhreithiúnacha a thaisceadh nuair a dhéantar gearán leis an Ombudsman.

Féach ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh
(https://www.ombudsman.europa.eu/ga/home).

**Cosaint Sonraí**

Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go ndéanfar faisnéis phearsanta iarrthóirí a phróiseáil de réir mar a cheanglaíonn Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus saorghluaiseacht sonraí den chineál sin[13], lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Téacs Chinneadh Uimh. 1247/2002/CE atá ábhartha maidir le LEE. Tá an Ráiteas Príobháideachais

[13] IO L 295 an 21.11.2018, lch. 39.

le fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, lena n-áirítear sonraí faoin gceart chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus chun iad a cheartú.

**EACEA/2022/02/TA2f/AD6/Bainisteoir cláir – Riarthóir**

**Iarscríbhinn I – Cur síos ar na cúraimí**

Is é ról ginearálta na riarthóirí tacú lena mbainisteoirí agus a misean á chomhlíonadh acu.

I réimsí gníomhaíochta na Gníomhaireachta (oideachas, oiliúint, an óige, spórt, na meáin, cultúr, dlúthpháirtíocht, saoránacht agus luachanna), féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith ar na príomhdhualgais atá ar bhainisteoir cláir EACEA, ach gan a bheith teoranta dóibh:

- cur chun feidhme an chláir, lena n-áirítear comhordú a dhéanamh ar dhréachtú glaonna ar thairiscintí/glaonna ar thograí, maoirseacht a dhéanamh ar phróisis mheastóireachta, roghnúcháin agus chonarthacha agus faireachán ar thionscadail a eagrú;
- meastóireacht, anailís, tuairisciú agus faisnéisiú ar chur chun feidhme an chláir agus scaipeadh na dtorthaí;
- ionadaíocht a dhéanamh don aonad i dteagmhálacha oibríochtúla le seirbhísí eile de chuid na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin, chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh don Ghníomhaireacht i leith institiúidí eile an AE agus geallsealbhóirí seachtracha, go háirithe iarratasóirí féideartha, iarratasóirí agus tairbhithe.

Áirítear leis na tascanna mionsonraithe go háirithe:

- oibriú go héifeachtúil le Ceann na hEarnála/Ceann an Aonaid agus cabhrú leo bainistíocht éifeachtach daoine a chinntiú laistigh den fhoireann;
- rannchuidiú le dearadh agus le cur chun feidhme chlár oibre EACEA agus/nó an aonaid agus le glaonna ar thairiscintí/glaonna ar thograí, lena n-áirítear gníomhú ar a chonlán féin chun modhanna agus nósanna imeachta oibre a fheabhsú;
- comhordú na nglaonna ar thograí nó maoirseacht a dhéanamh ar a gcomhordú, e.g. na téacsanna a dhréachtú, meastóireacht na nglaonna a chomhordú (e.g. trí rannchuidiú le faisnéisithe saineolaithe, faireachán a dhéanamh ar chianmheastóireacht, cruinnithe comhthola a reáchtáil, cathaoirleacheacht ar chruinnithe painéil, etc.), cáilíocht an tuairiscithe agus na doiciméadachta a áirithiú le linn roghnú na dtograí a thabhairt chun críche, agus nósanna imeachta na Gníomhaireachta a urramú;
- comhordú a dhéanamh ar ullmhú comhaontuithe deontais agus ar chur chun feidhme oibríochtúil cuí, agus bainistiú a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla agus airgeadais na gconarthaí a bhaineann leis na tionscadail;
- Fíorú agus bailíochtú a dhéanamh ina cumas/chumas mar oifigeach údarúcháin fo-tharmligthe, laistigh de na teorainneacha a leagtar síos sa chairt d'oifigigh fho-tharmligthe agus de na rialacha maidir le fo-tharmligean agus maidir le hionadaíocht a dhéanamh mar atá sainithe ag an Stiúrthóir, le gnéithe buiséadacha airgeadais na gclár/na dtionscadal arna gcur i gcrích faoi fhreagracht an tsealbhóra, agus comhlíonadh an Rialacháin Airgeadais, na rialacha a chur chun feidhme, rialacha inmheánacha maidir le forghníomhú an bhuiséid, an Bunghníomh (bunús dlí an chláir), cinntí Maoinithe agus rialacha gaolmhara eile agus forálacha buiséadacha a áirithiú, i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais;
- anailís agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchar na dtionscadal a dtacaíonn na cláir leo agus aiseolas rialta agus struchtúrtha a bhaineann le beartas a sholáthar do na mháthair-Ard-Stiúrthóireachtaí (DG) agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhas a chur ar inneachar agus ar phróisis na nglaonna ar thograí;
- tuarascálacha ar chur chun feidhme agus staitisticí a ullmhú le haghaidh bhainistíocht EACEA agus na máthair-Ard-Stiúrthóireachtaí.

**EACEA/2022/02/TA2f/AD6/Bainisteoir cláir – Riarthóir**

# Iarscríbhinn II - Roghnúchán bunaithe ar CV

I gcomhréir le pointe V.3 den ghlao seo, déanfaidh an Bord Roghnúcháin measúnú comparáideach ar na hiarrthóirí incháilithe bunaithe ar a CVanna. Bunófar an measúnú ar na critéir seo a leanas, i réimse an oideachais, na hoiliúna, na hóige, an spóirt, na meán, an chultúir, na dlúthpháirtíochta, na saoránachta agus na luachanna.

## Príomhchritéir

- Taithí ghairmiúil chruthaithe ag ullmhú glaonna ar thairiscintí/glaonna ar thograí;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe ar chur chun feidhme glaonna, e.g. ullmhú painéil saineolaithe a chomhordú, próisis mheastóireachta a chomhordú, cáilíocht an tuairiscithe agus na doiciméadachta a áirithiú, cathaoirleacht a dhéanamh ar chruinnithe painéil;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe ar chomhaontuithe deontais a ullmhú agus ar chur chun feidhme ceart oibríochtúil;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe ar thionscadail agus ar bhuiséid a bhainistiú;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe i ndréachtú tuarascálacha, faisnéisithe nó doiciméad eile den chineál céanna;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe ag déanamh anailíse agus measúnaithe ar thorthaí agus ar thionchar an chláir agus a chuid tionscadal, agus ag déanamh moltaí maidir le feabhsúcháin;
- Taithí ghairmiúil chruthaithe ar aiseolas struchtúrtha a sholáthar do chinnteoirí maidir leis an gclár agus le cur i bhfeidhm an tionscadail.

## Critéir bhuntáisteacha

- Dioplómaí ardoideachais breise san oideachas, oiliúint, óige, spórt, na meáin, cultúr, dlúthpháirtíocht, saoránacht agus luachanna;
- gTaithí ghairmiúil chruthaithe ag plé le hinstitiúidí poiblí AE, náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla, ENRanna, nó le hinstitiúidí cultúrtha nó acadúla i réimse an oideachais, na hoiliúna, na hóige, an spóirt, na meán, an chultúir, na dlúthpháirtíochta, na saoránachta agus na luachanna;
- Eolas ar na rialacha agus na nósanna imeachta airgeadais is infheidhme maidir le buiséad AE (Rialacháin Airgeadais);
- Taithí ghairmiúil chruthaithe ag comhordú foireann de thriúr ar a laghad.